

ARCHITECTURE IN BIRDLAND.

Is dual do na hainimhidhte uile nead a dhéanamh dá n-óg agus is iomdha ceann aca a neadann i seanpholl i gclaidhe nó crann. Tá cuid eile aca a bhaineas poll in aon turas i gcomhair na nide mar atá an coinín, an luch mhór, an luchóg agus is minic lineáil cluthmhar d'fhionnadh na máthar sa nead aca. Tá beagán aca a thógas fíor nead ins na crainntibh is na sgeacha ar nós na n-éan mar atá an t-iora rua agus an suan-luchóg Sasanach. Níl aon fheidhíde de na míola ná de chuileoga a sháruigheann an fathach coille agus an fathach crainn i n-áille a gcuid nead agus ní taise leis na bric é mar déanann an líbín nead dó féin faoin uisge.

I n-aindeoin go dtógann mórán feithidí árus dóibh féin níl gar ag cineál ar bith aca bheith chó stuamdha leis na héanlaith i saorsacht nead agus dá stuamdha iad mar cheardaidhte is aisteach an nidh go bhfuil éanacha ann nach dual dóibh nead a dhéanamh. Tuigtear go maith do'n chuach gurbh í an nead an áit cuibhe don ubh ach is amhlaidh a bhaineas sí feidhm as neadanna éanacha eile agus ní bhailigheann aon nead dá cuid féin. Sí an t-aon t-éan amháin d'éanlaith na Breataine a bhfuil a bhfuil an nós aduain seo aige. Is dual do fhumór na n-éan fiú na n-éan nach dtógann nead aire mhaith a thabhairt dá gcuid ubh ach maidir leis sin, níl tréad gan coilíneach, agus is iongantach an easpaidh críonnachta i gcúrsaí ubh atá ar an dá éan aille úd an forcha geal agus an forcha dubh. Is amhlaidh a bheireann siad a n-uibheacha ar an leac lom ar starrán na haille agus má sgannruigheadar go tobann de'n leac iad leagfaidh siad an ubh tar corr na haille sa bhfairrge go minic. Cé gur beag í a gcríonnacht i n-obair cosanta ubh ní fhágann sin nach n-airigheann na máithreacha go cruaidh a gcaillteanas mar ní bheireann siad thar aon ubh amháin sa mbliain.

Is gnáthach le fúmhór na nGiuróg, na bhfeadóg cladaigh, na roilleach, na gcrutach a gcuid ubh a bhreith i log beag tanaidhe sa talamh agus ní fiú é nead a thabhairt air mar is iondamhail an log gan linéal mara mbeadh corr-nead a mbeadh sláimín searg-fhéir bailigthe ann. Cé gur minic do na giuróga a n-uibheacha a leagan ar an ngainimh féin cuireann siad fáinne sean-ruacáin agus báirneacha timcheall ar an logán mar mhaise air. Is le bheith fíor-críonna do na giuróga a gníos siad an méid sin mar teigheann na huibheacha go binn le n-a bhfuil ina dtimcheall mar is rí-dheacair na huibheacha a thabhairt faoi deara thar na sligeáin na dtimcheall agus dá mbeadh nead déanta bailigthe aca ar chlaoidhe na duirlinge nó ar an dumhach ba gearr ar na faoileain foghlacha a feiceál agus na huibheacha a thabhairt leo. Éan eile atá neamh-shuaimneach sead an túirne lín agus beireann sí a cuid ubh ar fhód na talamhan sa bhfraoch nó sa raithnigh agus muinghin aice go slánóchaidh a gcosmhalacht le míorthóga iad.

Na héanacha a gníos nead i sean-pholl nó i bpoll nua-dhéanta don ócáid is fearr atá siad oilte i gcéird na saorsachta ná na héanacha a bheineas a gcuid ubh i logán sa talamh. Ortha seo a gníos an nead i bpoll atá an Rí- lasgaire, an bruachallán, an sgreachóg roilge, an nuthatch, an snagaire crann, an cam-mhuinéal, an t-éan giúrainn, máirteanach na hola, an cháthóg agus an druid. Cé go bhfuil na cam-mhuinéil na nuthatches agus na snagairí crann fairsing go maith i Sasana tá siad rí-ghann sa tír seo. Is i bpoll i gcrann a bhíos a nead ag na trí chinéal. Sé púdar an adhmuid lobhtha a bhíos mar bhun faoi na huibheacha aca. Is maith atá an t-éan giúrainn indon tolladh ach is minice is éasgaidh aige feidhm a bhaint as sean-aice coinín. Is minic a ghabhas an Rí-iasgaire seilbh ar shean-aice franncach uisge ach tá sé indon tolladh nuair is gabhadh dó. I gceann an aice leagann siad roinnt sean-chnámha éisg agus cnapaí cnáimh aníos as an n-iogán agus marab ionann agus leabaidh clúmhaith an measgán bíonn boladh blasta as. Ach siad na gobáin saor thar cionn i Ríoghacht na n-éan na héanacha a gníos a neadracha ar an talamh réidh nó i gcrainte nó i sgeacha agus caithfear an chraobh a thabhairt dóibh seo a chuireas ceann ar neadracha iongantacha. Mar is cinnte go bhfuil barr áille nead-shaorsachta le feiceál i n-árusaibh a bhíos ag meanntáin fhada, an dreoilín an sif-seaf agus an loin abhann, snag breac. Bheadh doiligh gan nead ró álainn an ghealbhán cátha a chuir in aon rang leo seo.